



## Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge Scéim Feabhsúcháin na nÉadan Siopaí 2021

Mar chuid den treoir chun feabhas a chur ar an gcur i láthair a bhaineann le lár na cathrach agus le lár an bhaile, tá Scéim Feabhsúcháin na nÉadan Siopaí (SFIS) tugtha isteach i Lár Chathair Phort Láirge agus i Lár Bhaile Dhún Garbhán.

### Is iad cuspóirí na scéime ná:

- Cur leis an gcuma ar áitribh mhiondíola agus áitribh tráchtála i Lár Chathair Phort Láirge agus i Lár Bhaile Dhún Garbhán trí spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'úinéirí na n-áitreabh áitiúil miondíola agus tráchtála chun a n-éadain siopaí /gnó aonair a fheabhsú
- Tacú le beogacht agus beocht Lár Chathair Phort Láirge agus Lár Bhaile Dhún Garbhán maille le buntáistí dearfacha do chách
- Timpeallacht níos tarraingtí a chruthú a bhféadfaidh cónaitheoirí, cuairteoirí, siopadóirí agus gnólachtaí taitneamh a bhaint aisti
- Dún Garbhán a chur chun cinn mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta

### Cén cineál foirgnimh/áitribh atá intofa?

- Áitreabh tráchtála atá ag amharc amach ar bhóthar poiblí
- Áitreabh tráchtála i lár na cathrach nó lár an bhaile (mar a shainmhínítear sa Phlean Forbartha)
- Úinéirí nó léas-sealbhóirí gnólachtaí dúchasacha tráchtála / áitreabh dúchasach miondíola – níl áitreabh, ar cuid de shaincheadúnas nó de shraith é, intofa
- Áitreabh tráchtála más rud é nach bhfuil rátaí tráchtála ina leith fós gan íoc le Comhairle Phort Láirge
- Gnólachtaí nach bhfaigheann an Scéim Dreasachta Rátaí ná an Scéim Dreasachta Geilleagraí.

### Na deontais atá ar fáil

Deineann an scéim soláthar maidir le suas le 50% den chostas a bhaineann le héadan siopa a athfheistiú, de réir na hoibre a bheartaítear mar aon le huas-ranníocaíocht €2,000 is inlamhála in aghaidh an iarratasóra ach é sin a bheith de réir chineál na hoibre.

Cineál na hOibre (Níl anseo ach samplaí)	Suas le huasmhéid
Péinteáil agus athmhaisiú ar an éadan siopa An tranglam a ghlanadh amach san éadan siopa agus deisiú a dhéanamh air	€1,000
Athsholáthar ar an éadan siopa agus/nó ar an gcomharthaíocht Athruithe ábhartha ar an éadan siopa Comharthaíocht ardleibhéil a bhaint Oibreacha sonraithe sna hurláir uachtaracha, faoi réir feabhsuithe ar chothrom na talún	€2,000

### Scéim Éadan Siopaí

Chomh maith leis an gcúnamh deontais atá luaite thuas, beidh deontais shonracha ar fáil i Lár Bhaile Dhún Garbhán chun úsáid na comharthaíochta i nGaeilge a chur chun cinn. Is iad na cuspóirí a bheidh leis seo ná:

- Dún Garbhán a chur chun cinn mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a bhfuil féiniúlacht uathúil aige.
- Cuidiú le gnólachtaí ar mian leo úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.

Cineál na hOibre	Suas le huasmhéid
Comharthaíocht dhátheangach (Deontas 75% suas le huasmhéid €500)	€500
Comharthaíocht i nGaeilge amháin (Deontas 100% suas le huasmhéid €750)	€750

Tabhair faoi deara: déanfaidh Oifigeach Gaeilge Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge athbhreithniú agus faomhadh ar aon togra i dtaca le comharthaíocht dhátheangach nó comharthaíocht i nGaeilge chun deimhin a dhéanamh de chomhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla.



Tá cáipéis dar teideal [Comharthaíocht Dhátteangach: Treoir ar an gcleachtas is fearr](#) foilsithe ag Foras na Gaeilge, a d'fhéadfadh a bheith áisiúil. Thairis sin, tairgeann Foras na Gaeilge Scéim Tacaíochta Gnó, trína dtacaítear le fiontair bheaga agus mheánmhéide tráchtála ó thaobh an Ghaeilge a chur chun cinn ina gcuid gnólachtaí trí chomharthaíocht, pacáistiú, láithreáin ghréasáin agus ábhar clóite margaíochta. Chun a thuilleadh sonraí a fháil, tabhair cuairt ar a [láithreán gréasáin](#).

#### **Oibreacha intofa faoin scéim, lena n-áirítear:**

- Ionas go spreagfaí an barchleachtas maidir leis an gcur chuige ó thaobh éadain siopaí a chothabháil agus a chur i láthair, ba chóir go mbeadh na hiarratais ag teacht leis na critéir a léiríodh sna cáipéisí seo:
  - [Plean Forbartha Chathair Phort Láirge 2013-2019](#)
  - [Plean Forbartha Chontae Phort Láirge 2011-2017](#)
  - [Plean Chomhairle Dhún Garbhán 2012-2019](#)
  - [Lámhleabhar an Deartha Mhiondíola 2012 agus Treoirínte Aireachta eile faoi Alt 28](#)
  - [Treoircháipéis Chomhairle Phort Láirge ar Éadain Siopaí agus ar Chomharthaíocht \(2019\)](#)
  - [Comharthaíocht Dhátteangach: Treoir ar an gcleachtas is fearr](#) de chuid Fhoras na Gaeilge
- Deisiú agus athsholáthar ar dhaingneán éadain siopa ina iomláine, nó ar aon chuid de, a bhíonn le feiscint ón tsráid, lena n-áirítear an chéad urlár agus na hurláir uachtaracha den áitreabh (faoi réir an t-aonad a bhaineann leis sin ar urlár na talún a bheith in úsáid ar bhonn tráchtála).
- Athsholáthar ar ghnéithe ailtireachta nó staire a bhí mar chuid de dhearadh an fhoirgnimh agus de chineál an fhoirgnimh.
- Athphéinteáil ar éadain siopaí. Ba chóir go ndéanfaí comhordú idir scéimeanna na ndathanna agus éadain siopaí a bheadh taobh leis agus ba chóir go ndéanfaí urláir uachtaracha an fhoirgnimh a phéinteáil chun luí go cuí le hurláir na talún.
- Deisiú agus athsholáthar ar an ngáitéarlach agus ar na fánphíobáin (agus iad a chomhoiriúnú le hábhair stairiúla san áit ar cuí sin).
- Athphéinteáil agus/nó athrindreáil ar na hairdí is suntasaí.
- Deisiú ar an obair chloiche lasmuigh agus ar an obair bhríci lasmuigh agus athsholáthar ar an obair chloiche nó ar an obair bhríci atá mar chuid d'ardúch stalla an éadain siopa.
- Comharthaí neoin, comharthaí meirge nó comharthaíocht mhíchuí eile atá feistithe ar airdí an éadain (nó airdí an taoibh atá le feiscint ón tsráid) a bhaint agus comharthaíocht de réir chaighdeáin Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a chur ina n-ionad sin.
- Comhláir slándála lasmuigh a bhaint go buan agus míreanna oiriúnacha eile a chur ina n-ionad.
- Moltar go ndéanfar sreangú, boscaí aláraim agus fónais nach bhfuil feidhm leo a thuilleadh a bhaint den áitreabh.
- Ní thabharfar maoiniú i leith oibreacha ar thaobh foirgnimh nó ar chúl foirgnimh ach má bhíonn siad le feiscint go soiléir ón tsráid agus má bhaineann siad le tionscadal iomlán lena n-áirítear feabhsuithe ar an taobh amuigh d'aghaidh an fhoirgnimh chéanna.

#### **Caiteachas Nach Bhfuil Intofa:**

- Feabsuithe ar mhaoin chónaithe.
- Iarratais chúlghabhálacha, is iad sin, iarratais maidir le hobair atá críochnaithe go hiomlán cheana nó atá ar siúl roimh dúinn an t-iarratas a fháil.
- Deisiúcháin dhéanmhasacha, agus díon nua a chur air san áireamh.
- Deisiúcháin agus athruithe inmheánacha.
- Gnéithe slándála lasmuigh, amhail córais teilifíse ciorcaid iata (TCI/CCTV).
- Aon obair nach bhfuil de réir na Reachtáíochta Pleanála, de réir na dTreoirínte ar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACA) ná de réir na dTreoirínte ar Dhéanmhais Chosanta.
- Táillí reachtúla • Táillí ailtire / Táillí sainchomhairleora • Táillí gairmiúla (m.s. aturnae / suirbhéir) • Árachas

#### **Conas iarratas a dhéanamh ar dheontas?**

1. Féadfaidh úinéir an áitribh nó an léasaí le toiliú an úinéara i scríbhinn an t-iarratas a dhéanamh.



2. Ba chóir go sainiithneofaí go soiléir san iarratas gach cuid de na hoibreacha a bheartófaí.
3. Ní foláir cur síos ar na hoibreacha atá beartaithe a bheith i dteannta na foirme iarratais líonta agus is gá na míreanna seo a bheith san áireamh:
  - a. Grianghraif den éadan siopa atá ann cheana (sula ndéanfar na hoibreacha)
  - b. Líniócht de na hathruithe atá beartaithe m.s. líniócht den éadan siopa nua nó den chomharthaíocht nua
  - c. Léiriú ar chineál an ábhair agus ar scéim na ndathanna atá le húsáid
  - d. Dhá luachan i scríbhinn ó thógálaithe/chonraitheoirí cláraithe i leith na n-oibreacha atá beartaithe
  - e. Más rud é go ndéanfaidh an t-úinéir na hoibreacha, is cóir luachana ar ábhair a chur san áireamh agus ní bheidh cúnaimh deontais ar fáil ach i leith chostas na n-ábhar.
4. Caithfear aon athrú ar dhearadh agus/nó ar ábhair a chomhaontú roimh ré agus ní foláir é a thaifeadadh ar an sceideal oibre. Ní íocfar aon deontas le haon tionscadal ina ndéanfar athruithe nach mbeidh comhaontaithe roimh ré le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.

Tabhair faoi deara: Féadfar cuairt ar an láthair a shocrú leis an iarratasóir chun an t-iarratas a phlé agus, más gá sin, éascaíocht a dhéanamh ar a thuilleadh eolais a chur faoinár mbráid chun tacú leis an iarratas, agus más ceadmhach sin faoi shrianta an choróinvírís COVID-19.

### **Critéir Mheasúnachta**

Maidir le measúnacht na n-iarratas, déanfar breithniú ar na gnóthaí seo a leanas:

- Cáilíocht na n-athruithe atá beartaithe i leith an éadain siopa nó i leith an taoibh amuigh d'aghaidh an fhoirgnimh.
- An tionchar ar gharcheantar na sráide
- Tabharfar tús áite d'iarratais i dtaca le cnuasaigh, ina ndeineann roinnt áirithe ionad maoin sa chongar comhiarratas le chéile.
- Déanfaidh Painéal Breithniúcháin, arna cheapadh ag an gComhairle, cíoradh ar na hiarratais. Is féidir go gcuimseoidh an Painéal Breithniúcháin saineolas ón bhForbairt Gheilleagrach, ón Rialú Pleanála/Forbartha Chun Cinn agus ón Oifigeach Caomhantais.
- I dtaca le hiarratasóirí a fhaigheann cabhair i láthair na huaire faoin Scéim Dreasachta Rátaí nó faoin Scéim Dreasachta Geilleagraí, ní bheidh siad intofa chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin scéim seo.
- Is ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a bheidh an cinneadh ó thaobh deontas a dhámhachtain, agus is breith chríochnaitheach a bheidh sa chinneadh sin.
- Beidh na deontais go léir faoi réir cistí a bheith ar fáil.

### **Deontas a Tharraingt Anuas**

- Ní dhéanfar íocaíocht ach nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe go hiomlán.
- Ar chríochnú na n-oibreacha, ní foláir don iarratasóir fianaise ar shonraisc íoctha ón gconraitheoir a chur faoi bhráid Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, mar aon le grianghraif den éadan siopa a críochnaíodh a chur go dtí Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Ba chóir go gcuimseodh na sonraisc Uimhir Thagartha Cánach an tógálaí/chonraitheora.
- Ní foláir na híocaíochtaí go léir a dhéanamh trí chuntas bainc an iarratasóra. Ceanglófar ar iarratasóirí dul i mbun gnó mar sholáthraí más rud é nach bhfuil siad curtha ar bun amhlaidh cheana.
- Féadfar tabhairt faoi chigireacht chun deimhin a dhéanamh de chomhlíonadh an sceidil chomhaontaithe oibre.
- Má tá an chigireacht/na hoibreacha sásúil, ansin déanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge íocaíocht leis an iarratasóir.
- Mura ndéantar deontas a tharraingt anuas laistigh de thréimhse 6 mhí ón dáta ar cuireadh amach an Litir Thairisceana Deontais, ansin déanfar an maoiniú a tharraingt siar, ach amháin mar a mbeidh comhaontú déanta roimh ré.
- Má dhéanann an t-úinéir na hoibreacha, ní fhéadfar cúnaimh deontais a chur ar fáil ach i leith chostas na n-ábhar, agus i leith na gcostas sin amháin. Ní foláir admhálacha i dtaca le caiteachas



dearbhaithe a chur faoinár mbráid agus is féidir go mbeidh gá le ráitis bhainc mar chruthúnas ar na híocaíochtaí.

### **An mbeidh Cead Pleanála de dhíth?**

- Comhairlítear d'iarratasóirí teagmháil a dhéanamh le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge sula ndéanfar iarratas ar mhaoiniú, chun na tograí ar leith a phlé. Cuirfidh Oifigeach Pleanála treoir ar fáil i dtaobh an gceanglófar leis na hoibreacha a bheidh beartaithe go ndéanfar iarratas pleanála nó an mbeidh na hoibreacha a bheidh beartaithe díolmhaithe ó chead pleanála.
- Tá sé de fhreagracht ar úinéir/léasaí an ghnólachta a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad go hiomlán an reachtáíocht phleanála i ndáil le haon athrú ar an bhfoirgneamh.
- Tabhair faoi deara, le do thoil, gur féidir go mbeidh feidhm ag forálacha breise maidir le Déanmhais Chosanta agus go mbeidh sé riachtanach, i dtaca le haon iarratas i leith foirgnimh ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta, go gcuirfidh Oifigeach Caomhantais Chomhairle Phort Láirge a ainm leis an gcúram.
- Más rud é nach bhfuil toiliú pleanála i bhfeidhm agus go bhfuil athrú ábhartha ar an déanmhas i gceist leis an dtogra, beidh cead pleanála ag teastáil ar chéim na híocaíochta. Is ar an iarratasóir atá an dualgas ó thaobh deimhin a dhéanamh de go bhfuil na toilithe riachtanacha pleanála ag an dtogra tionscadail sula ndéanfar an cúnamh deontais faoin scéim seo a tharraingt anuas.

### **Téarmaí & Coinníollacha**

- Aon oibreacha a tosnaíodh sula bhfuarthas faomhadh i scríbhinn ó Chomhairle Phort Láirge, ní mheasfar iad a bheith intofa.
- Is é an deontas uasta is ceadmhach ná 50% den chostas deiridh (gan CBL a áireamh) maille le híocaíocht uasta €2,000.
- Ní foláir rátáil tráchtála a dhéanamh ar áitreabh agus níor cheart go mbeadh aon chánacha áitiúla ná aon mhuirir áitiúla dlite don Chomhairle.
- Iad siúd atá ag baint leasa faoi láthair as scéimeanna deontais eile de chuid an údarais áitiúil, ina measc an Feistiú Miondíola, an Scéim Athchóiriúcháin Oifige agus an Scéim Ealaíon, Ceardaíochta, Bia Ceardaí agus an Scéim Dreasachta Geilleagraí, níl siad intofa chun iarratas a dhéanamh.
- Glacfar le hiarratais ón tiarna talún nó ón léasaí, cibé ceann is cuí. I gcás gur léasaí an t-iarratasóir, ní foláir nó go bhfuil íosmhéid 2 bhliain ag an léas le rith agus ní foláir nó go mbeidh toiliú an tiarna talún ag an iarratas. Ní bhainfidh an ceanglas seo le hábhar ó thaobh na léasanna céimneacha ina bhféadfaidh an léasaí an leanúnachas a chruthú ar feadh 2 bhliain ar a laghad.
- Beidh íocaíocht an deontais faoi réir cead pleanála a bheith faighte ag an iarratasóir más gá agus faoi réir cóip den Chead Deiridh Pleanála a bheith curtha isteach.
- Sa chás go bhfuil gá le cead pleanála i leith na n-oibreacha atá beartaithe, tabhair faoi deara, le do thoil, gur próiseas é seo atá ar deighilt ón iarratas ar dheontas agus tá feidhm ag na tráthchláir reachtúla ó thaobh iarratas pleanála a phróiseáil.
- Ní oibreoidh aon ní i gcomhaontú nó in idirbheartaíocht an deontais chun fearadh ar chinneadh na Comhairle maidir le cead pleanála.
- Ní ghlacann an Chomhairle le dlíteanas má fhaigheann gnólacht Litir Thairisceana Deontais nó íocaíocht deontais dá éis sin, a thiochfaidh faoi réir Imeachtaí Forfheidhmiúcháin Phleanála maidir le feabhsuithe a n-eisítear airgead ina leith. Agus an scéal amhlaidh, tarraingeofar aon tairiscint cistí siar agus i gcás go mbeidh deontas dáfa, ceanglófar ar an iarratasóir aon deontas a aisíoc agus na ceanglais reachtúla pleanála a chomhlíonadh go hiomlán.
- Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun grianghraif d'éadain siopaí a fhoilsiú (roimh na hoibreacha agus tar éis a ndéanta) in ábhar bolscaireachta a bhaineann leis an scéim agus le cuspóir na scéime.



Chun a thuilleadh eolais ar an scéim a fháil, déan teagmháil le:

Lár Chathair Phort Láirge

Maureen Fitzsimons

Comhairle Phort Láirge

[mfitzsimons@waterfordcouncil.ie](mailto:mfitzsimons@waterfordcouncil.ie)

087 7649173

Lár Bhaile Dhún Garbhán

Bernadette Drohan

Comhairle Phort Láirge

[bdrohan@waterfordcouncil.ie](mailto:bdrohan@waterfordcouncil.ie)

087 2586597

Eochairdhátáí	
An Scéim ar oscailt do na hiarratais	08 Márta 2021
An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais	30 Aibreán 2021
Scéala curtha chuig na hiarratasóirí rathúla	10 Bealtaine 2021
Na hoibreacha go léir críochnaithe agus na sonraisc curtha isteach	30 Meán Fómhair 2021